Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Márta 2018 (OR. en)**

**6772/18**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0050 (COD)**

**PECHE 68**
**CODEC 310**
**IA 54**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Márta 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 115 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 115 final.

---

Faoi iamh: COM(2018) 115 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.3.2018
COM(2018) 115 final

2018/0050 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar**

{SWD(2018) 59 final} - {SWD(2018) 60 final}

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá an Mheánmhuir Thiar ar cheann de na foréigiúin is forbartha ó thaobh na hiascaireachta sa Mheánmhuir de. Is ann a thugtar i dtír 31 % dá thabhairt i dtír iomlán (EUR 1.35 billiún as an iomlán de EUR 4.76 billiún) agus is ann atá tuairim agus 19 % de réir na tuairisce oifigiúla de chabhlach iascaireachta na Meánmhara[1].

Bíodh is nach ó na hiascaigh ghrinnill a thagann an sciar is mó de na gabhálacha, tá éileamh mór orthu i measc iascairí de bharr a n-ardluach tráchtála. Tá iascaigh ghrinnill sa Mheánmhuir an-chasta agus tá mórán speiceas iasc agus crústach i gceist leo. Is iad na príomhspeicis a ghabhtar sa Mheánmhuir Thiar an colmóir (*Merluccius merluccius*), an lannach riabhach (*Mullus barbatus*), an séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*), an rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*), an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) agus gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*). Iascaigh ilspeiceas atá sna hiascaigh sin agus gluaiseann cuid de na stoic éisc trasna uiscí teorann níos mó ná Ballstát amháin. Is iad tráil, ar mó an chumhacht gabhála agus an chumhacht chabhlaigh atá acu, an príomhthrealamh a úsáidtear chun breith ar speicis ghrinnill, ach tá a dtábhacht féin le trealaimh éighníomhacha amhail traimlí, eangacha geolbhaigh, gaistí agus spiléir freisin.

San am i láthair, déantar iascaigh ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar a bhainistiú trí phleananna náisiúnta bainistíochta arna nglacadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle (an 'MedReg')[2]. Tá trí chinn de phleananna bainistíochta ag an Iodáil i ndáil le trálaeir (arna nglacadh in aon phíosa reachtaíochta amháin in 2011)[3], tá plean bainistíochta amháin ag an bhFrainc i ndáil le trálaeir (arna ghlacadh in 2013)[4] mar atá ag an Spáinn (ar tháinig a plean i bhfeidhm in 2013)[5]. Tá na pleananna bunaithe ar rialuithe ionchuir, i.e. an iarracht iascaireachta a theorannú. Is éard a bhíonn sa chur chuige bainistithe sin go hiondúil bearta amhail srianta ar threalamh iascaireachta agus ar líon na n-údaruithe agus na gceadúnas iascaireachta, líon uasta na laethanta iascaireachta a shocrú, agus cosc buan nó sealadach a chur ar ghníomhaíochtaí iascaireachta. Glacadh, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, plean trí bliana maidir le hábhar muirí aischurtha[6,7] in 2016 chun an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i

---

1 *The state of Mediterranean and Black Sea fisheries.* [Staid na hiascaireachta sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh. *An Coimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir (Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe 2016).*

2 *Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistithe i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 (IJ L 36, 8.2.2007, lch. 6).*

3 *Decreto 20 maggio 2011 relativo all'adozione Piani di gestione della flotta a strascico in sostituzione del decreto direttoriale n. 44 del 17 giugno 2010 (GU Serie Generale n.154 del 5-7-2011, p. 2).*

4 *Arrêté du 28 janvier 2013 portant création d'un régime d'effort de pêche pour la pêche professionnelle au chalut en mer Méditerranée par les navires battant pavillon français (TRAM1240482A, p. 3275).*

5 *Orden AAA/2808/2012, de 21 de diciembre, por la que se establece un Plan de Gestión Integral para la conservación de los recursos pesqueros en el Mediterráneo afectados por las pesquerías realizadas con redes de cerco, redes de arrastre y artes fijos y menores, para el período 2013-2017 (No 313, p. 7).*

6 *Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/86 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2016 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh ghrinnill áirithe sa Mheánmhuir (IO L 14, 18.1.2017, lch. 4).*

7 *Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/153 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/86 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh ghrinnill áirithe sa Mheánmhuir (IO L 29, 1.2.2018, lch. 1).*

dtír a bhunaítear le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[8] (an Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh) a chur chun feidhme i ndáil le speicis faoi réir na híosmhéide tagartha caomhnaithe. Ar leibhéal idirnáisiúnta, ghlac an Coimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir (CIGM) leis an moladh limistéar srianta iascaireachta a bhunú i Murascaill an Leoin (an chuid sin ó thuaidh den Mheánmhuir Thiar) chun comhbhailiúcháin sceite (go háirithe maidir le colmóir) agus gnáthóga íogaire domhainfharraige a chosaint in 2009[9]. Mar a fheictear thíos, níl na bearta sin sriantach a ndóthain chun iascaigh a threorú i dtreo na gcuspóirí caomhnaithe a leagtar síos sa MedReg agus sa Chomhbheartas Iascaigh (CBI).

Déantar formhór na stoc tráchtála sa Mheánmhuir Thiar a shaothrú ar leibhéil atá i bhfad níos airde ná na raonta básmhaireachta iascaireachta a thabharfadh go mbainfí amach spriocanna uastáirgeachta inbhuanaithe ($F_{MSY}$): i gcás 80 % de na stoic a ndearnadh measúnú orthu, tá ró-iascaireacht á déanamh orthu sa folimistéar seo[10]. Thairis sin, i gcás cuid de na stoic éisc sin tá a mbithmhais gar don phointe tagartha teorann ($B_{LIM}$)[11], rud a léiríonn go bhfuil dóchúlacht ard ann go gclisfidh orthu. Is iad an colmóir agus an lannach riabhach na stoic is mó a ndéantar ró-iascaireacht orthu, agus tá suas le deich n-oiread níos mó ná na spriocanna $F_{MSY}$ atá measta leo á saothrú faoi láthair. In ainneoin nach fios an staid ina bhfuil mórán stoc éisc eile, is é is dóichí é gurb ionann a ndálaí agus dálaí na stoc thuasluaite. Le linn comhairliúchán éagsúla a tionóladh in 2015 agus in 2016, lena n-áirítear mar chuid de "phróiseas Chatania", chomhaontaigh formhór mór na bpáirtithe leasmhara go sáraítear go mór cuótaí éisc sa Mheánmhuir. Ina theannta sin, tá sé curtha i dtreis arís agus arís eile ag pobal na heolaíochta, ar leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta, an gá atá le bearta práinneacha a dhéanamh chun leibhéil arda na ró-iascaireachta a laghdú ar fud imchuach na Meánmhara.

Tugtar aghaidh sa togra seo ar leibhéil arda na ró-iascaireachta agus ar an gcreat rialacháin neamhéifeachtach trí phlean ilbhliantúil ar leibhéal an Aontais a thabhairt isteach den chéad uair. Is é is aidhm dó cuspóirí Rialachán an Chomhbheartais Iascaigh (Airteagal 2) maidir le hiascaigh ghrinnill na Meánmhara Thiar a bhaint amach, is é sin, deimhin a dhéanamh de gurb inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de a bheidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus go ndéanfar iad a bhainistiú sa chaoi is go mbainfear amach leasanna eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta. Ina theannta sin, déanfaidh an plean cur chun feidhme na hoibleagáide maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír a éascú agus déanfaidh sé cur chuige réigiúnach a chumasú, lena mbeadh baint ag na Ballstáit lena mbaineann le ceapadh na mbeart bainistíochta.

Le Rialachán an Chomhbheartais Iascaigh cuirtear creat ginearálta ar bun agus sainaithnítear cásanna ina nglacfaidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa pleananna ilbhliantúla; Go sonrach:

– Leagtar síos in Airteagal 9 prionsabail agus cuspóirí pleananna ilbhliantúla. Go háirithe, ba cheart bearta caomhnaithe a dhéanamh chun stoic éisc a athbhunú agus a chothabháil os cionn leibhéal atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh (MSY);

8 *Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).*

9 *Moladh maidir le limistéir shrianta um iascaigh a bhunú i Murascaill an Leoin chun comhbhailiúcháin d'iasc sceite agus gnáthóga íogaire domhainfharraige a chosaint (GFCM/33/2009/1).*

10 *Faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an Chomhbheartais Iascaigh (STECF-17-04).*

11 *Measúnaithe sa Mheánmhuir cuid 1STECF-15-18).*

– Tá inneachar na bpleananna ilbhliantúla liostaithe in Airteagal 10. Léirítear spriocanna inchainníochtaithe a fhreagraíonn don uastáirgeacht inbhuanaithe mar raonta $F_{MSY}$ iad. Fágann sé sin go bhfuil solúbthacht éigin ann chun iascaigh ilspeiceas a chur san áireamh agus go bhfuil níos mó comhsheasmhachta ann nuair a leagtar amach bearta bainistíochta i ndáil le stoic éagsúla, toisc go bhfuil iarracht de shaoirse ag baint leo. Mar thacaíocht leis na spriocanna sin tá forálacha coimirce ann atá nasctha le pointí tagartha caomhnaithe teorann agus réamhchúraim;

– Ceanglaítear le hAirteagal 15 pleananna ina sonrófar go mionsonrach an chaoi ina gcomhlíonfar an oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír, lena n-áirítear: forálacha sonracha maidir le hiascaigh nó speicis a chumhdaítear leis an oibleagáid; díolúintí, lena n-áirítear *de minimis* díolúintí suas le 5 % de na gabhálacha bliantúla iomlána maidir le gach speiceas faoi réir na hoibleagáide; forálacha maidir le doiciméadú gabhálacha; íosmhéideanna tagartha caomhnaithe a shocrú, i gcás inarb iomchuí; agus

– Bunaítear le Airteagal 18 creat maidir le comhar réigiúnach i dtaobh beart caomhnaithe. Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu moltaí comhpháirteacha a chur isteach go nglacfaí bearta áirithe i gcás inar tugadh cumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme nó tarmligthe a ghlacadh chun na cuspóirí a leagtar amach sa phlean ilbhliantúil a bhaint amach. Bunaítear leis an bplean comhar réigiúnach i measc na mBallstát d'fhonn forálacha a ghlacadh i dtaobh na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír agus bearta sonracha caomhnaithe le haghaidh stoic áirithe.

Cuirtear forbhreathnú ar na forálacha sonracha den phlean ilbhliantúil i láthair i Mír 5.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo maidir le plean ilbhliantúil i ndáil le hiascaigh ina saothraítear stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar, comhsheasmhach le Rialachán CBI agus le pleananna ilbhliantúla a bhí ann roimhe seo i ndáil le trosc, scadán agus salán i Muir Bhailt[12], stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh[13] agus speicis peiligeach beag i Muir Aidriad[14].

Leagtar amach sa MedReg bearta teicniúla caomhnaithe, amhail mogallmhéid íosta, íosmhéideanna faid agus doimhneachta maidir le húsáid trealaimh iascaireachta agus íosmhéideanna gabhála. Cuirfear bearta eile ina n-ionad má ghlactar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla[15].

---

12 *Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 (IO L 191, 15.7.2016, lch. 1).*

13 *Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus do na hiascaigh ina saothraítear na stoic sin, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (COM(2016)493, 3.8.2016).*

14 *Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic peiligeach beag i Muir Aidriad agus do na hiascaigh a shaothraíonn na stoic sin (COM(2017)097, 24.2.2017).*

15 *Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla (COM(2016)134, 11.3.2016).*

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra agus na cuspóirí a bhaineann leis comhsheasmhach le beartais eile an Aontais, go háirithe le beartais chomhshaoil amhail na beartais a chumhdaítear leis an Treoir Réime um Straitéis Muirí[16] agus an leis an gcuspóir go ndéanfar deimhin de "stádas maith comhshaoil" d'uiscí muirí uile AE faoin mbliain 2020.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí don togra seo.

- **Coimhdeacht**

Baineann forálacha an togra le caomhnú acmhainní bitheolaíocha mara, caomhnú a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Cloíonn na bearta atá beartaithe le prionsabal na comhréireachta toisc go bhfuil siad iomchuí agus riachtanach agus toisc nach ann do bhearta eile nach bhfuil chomh sriantach céanna lena bhféadfaí na cuspóirí inmhianaithe beartais a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tá an ionstraim atá beartaithe ina Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Níl sé infheidhme.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tionóladh dianchomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara in 2016 agus 2017. Bhí sé d'aidhm leis: (i) feasacht a mhúscailt i leith chás práinneach fhormhór mór na stoc éisc sa Mheánmhuir; (ii) teacht ar chomhaontú maidir leis an ngá atá le gníomhartha práinneacha ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta; agus (iii) ionchur agus tuairimí a bhailiú ón méid páirtithe leasmhara agus is féidir maidir leis an dóigh is fearr chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb.

Ar mhaithe le simplíocht, rinneadh na gníomhartha comhairliúcháin a rangú i dtrí chomhthéacs: an Chomhairle Chomhairleach don Mheánmhuir, "próiseas Chatania" agus an comharliúchán poiblí.

<u>An Chomhairle Chomhairleach don Mheánmhuir (CCM)</u>

Is é CCM an phríomheagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara iascaigh sa réigiún Meánmhuirí. Déanann CCM ionadaíocht ar na páirtithe uile a dtéann an togra seo i

[16] *Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí)* (*IO L 164, 25.6.2008, lch. 19*).

bhfeidhm orthu: an earnáil iascaireachta (lena n-áirítear iascaigh ar mhionscála), ceardchumainn agus grúpaí leasmhara eile amhail eagraíochtaí comhshaoil, grúpaí tomhaltóirí agus cumainn iascaireachta spóirt agus cumainn iascaireachta áineasa a bhíonn ag feidhmiú i limistéar na Meánmhara faoin CBI.

In 2017, thionóil CCM sé chruinniú maidir leis an bplean ilbhliantúil agus bhí siad seo a leanas rannpháirteach iontu: ionadaithe tionscail, údaráis riaracháin iascaigh na mBallstát, lucht taighde eolaíoch, an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, agus DG MARE. Glacadh le tuairim i nDeireadh Fómhair 2017 de bharr na hoibre sin[17]. Áirítear sa togra seo formhór na mbeart a mhol CCM, is iad sin:

– raon feidhme an togra i dtaca le cumhdach geografach, stoic éisc agus trealaimh iascaireachta (lena n-áirítear iascaireacht áineasa);

– deiseanna iascaireachta bunaithe ar theorainn le hiarrachtaí iascaireachta a úsáid (arna léiriú mar laethanta ar muir/soithigh in aghaidh an lae) i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch;

– síneadh a chur leis an toirmeasc ar threalaimh tharraingthe ghrinnill de 50 m go dtí an doimhneacht iomchuí chun gnáthóga ríthábhachtacha éisc chósta a chosaint níos fearr;

– tréimhsí coiscthe agus limistéir choiscthe a úsáid chun limistéir sceite agus iasclainne a chosaint;

– an t-eolas is deireanaí ar íosmhéideanna gabhála de speicis a liostaítear in Iarscríbhinn III de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle; agus

Níor glacadh le dhá ghné den togra, i.e. córais faireacháin leictreonaigh a fheistiú ar gach soitheach faoi réir an phlean ilbhliantúil agus tacaíocht bhreise ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), toisc gur measadh gurb oiriúnaí a bheadh creata dlíthiúla trasearnálacha.

<u>Próiseas Chatania</u>

Ag cruinniú ardleibhéil i mí Feabhra 2016, tráth a cuireadh tús le próiseas Chatania, d'aithin na rannpháirtithe an dul chun cinn a rinneadh maidir le comhairle eolaíoch, le comhar idir-rialtasach a bhuí le CIGM agus, go pointe airithe, le glacadh beart bainistithe i ndáil le stoic éisc áirithe. Os a choinne sin, tugadh faoi deara nár tháinig feabhas ar staid na stoc éisc de thoradh an méid sin go léir. Sa Mheánmhuir, déantar os coinn 90 % de stoic éisc thráchtála a ndearnadh meastóireacht orthu, déantar iad a shaothrú i bhfad thar theorainneacha bitheolaíocha sábháilte agus, ag an am céanna, ní fios cén staid ina bhfuil cuid mhór de na stoic eile. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, d'éiligh rannpháirtithe d'aon ghuth go gcuirfear i bhfeidhm an athuair bearta sonracha chun iascaigh na Meánmhara a athbhunú.

Mar thoradh ar an bhfuadar polaitiúil sin, tháinig stiúrthóirí iascach na n-ocht mBallstát sa réigiún Meánmhuirí le chéile i Meitheamh 2016 d'fhonn gealltanais ghinearálta a chur i scríbhinn agus deimhin a dhéanamh de go ndéanfadh AE beart de réir a bhriathair maidir lena ndualgais. Ina theannta sin, thug siad suntas ar leith do limistéir áirithe a bhfuil bearta breise náisiúnta de dhíth orthu. Maidir leis an Meánmhuir Thiar, mhol an Fhrainc agus an Spáinn tréimhsí coiscthe agus limistéir choiscthe a bhunú ar bhonn comhpháirteach i Murascaill an Leoin chun an iarracht iascaireachta a laghdú agus roghnaíocht a mhéadú i ndáil le colmóir.

---

17 *Tuairim maidir le plean ilbhliantúil i ndáil leis na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar, An Róimh (MEDAC(2017)270, 7.11.2017).*

Ag deireadh an phróisis comhairliúcháin i Márta 2017, síníodh Dearbhú Aireachta maidir le hinbhuanaitheacht iascaigh na Meánmhara[18], lena leagtar síos creat nua straitéise do rialachas na hiascaireachta sa réigiún agus lena leagtar síos cúig bheart a bhfuil spriocanna intomhaiste leo do na deich mbliana amach romhainn. Tá an tionscnamh sin mar chuid den ghníomhaíocht a rinneadh ar leibhéal AE chun líon na stoc éisc a athbhunú ar leibhéil inbhuanaithe sa Mheánmhuir Thiar.

Comhairliúchán poiblí

Thionóil DG MARE comhairliúchán poiblí idirlíonbhunaithe "faoi phlean ilbhliantúil maidir leis na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar" idir an 30 Bealtaine agus an 30 Meán Fómhair 2016. Ba é an cuspóir foriomlán ionchuir agus tuairimí a bhailiú ó na páirtithe leasmhara, go háirithe ag an gcéim thosaigh i gceapadh an bheartais.

Iarradh ar rannpháirtithe ceistneoir a líonadh amach a raibh meascán de cheisteanna oscailte agus dúnta ann, agus ar bhain sé cinn de na ceisteanna leo siúd a ceistíodh agus ar bhain ocht gcinn déag díobh le gnéithe bitheolaíocha, teicniúla agus socheacnamaíocha an iascaigh ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar. I measc na n-ábhar faoi chaibidil bhí an fhadhb faoi mar a thaibhsítear í, roghanna bainistíochta, agus raon feidhme an phlean ilbhliantúil a d'fhéadfadh a bheith ann maille le hinneachar an phlean sin.

Is iad seo a leanas torthaí an chomhairliúcháin[19]:

(1) d'aontaigh formhór mór na bhfreagróirí nár leor an creat bainistíochta reatha, i.e. pleananna náisiúnta bainistíochta faoin MedReg, chun cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh a bhaint amach. Thairis sin, mheas 67 % díobh nár leor é an creat reatha a chomhlánú le bearta gearrthéarmacha ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal AE chun na cuspóirí a bhaint amach.

(2) bhí formhór na bhfreagróirí den tuairim nár cuireadh chun feidhme i gceart an creat bainistíochta reatha ar mhórán bhealaí, nó nár cuireadh chun feidhme go cothrom é i measc na dtíortha agus na gcabhlach iascaireachta. D'eascair an neamhéifeachtacht sin as cumasc de dhá chúis: (i) easpa rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara, an earnáil iascaireachta san áireamh, maidir le bearta a cheapadh; agus (ii) easpa rialuithe éifeachtacha.

(3) dar le formhór na bhfreagróirí, ba é an réiteach fadtéarmach ab fhearr plean ilbhliantúil de chuid an Aontais i ndáil le hiascaigh ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar. Tá údar leis an gcur chuige sin toisc gur iascaigh ilspeiceas iad na hiascaigh, agus i ngeall ar líon na mBallstát lena mbaineann agus ar na hidirghníomhaíochtaí idir na trealaimh dhifriúla agus na cineálacha iascach.

(4) bhí formhór mór i bhfabhar na cuspóirí seo a leanas a chur leis an bplean: (i) uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach; (ii) creat bainistíochta éifeachtach trédhearcach a ghlacadh; (iii) córais rialaithe, faireacháin agus faireachais a neartú; agus (iv) deimhin a dhéanamh de bhuanseasmhacht shocheacnamaíoch na hearnála iascaireachta.

(5) le linn an chomhairliúcháin phoiblí, ardaíodh agus pléadh an cheist faoi bhearta malartacha a shainaithint maidir le hiascaigh ghrinnill sa Mheánmhuir, amhail gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a shocrú. Bhí eagraíochtaí

[18] *An chomhdháil Aireachta maidir le hinbhuanaitheacht na n-iascach sa Mheánmhuir; An Dearbhú MedFish4Ever ó Chomhdháil na nAirí ( i Málta an 30 Márta 2017).*

[19] *An comhairliúchán poiblí faoi phlean ilbhliantúil maidir leis na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar (DG MARE, 30 Bealtaine 2016 go 30 Meán Fómhair 2016).*

neamhrialtasacha agus roinnt saoránach i bhfabhar an bhirt sin. Os a choinne sin, ní raibh aon cheann de chumainn na n-iascairí nó de na riaracháin phoiblí i bhfabhar an bhirt, i ngeall ar an gcastacht, dar leo, a bhain le TACanna a chur chun feidhme in iascaigh ilspeiceas.

(6) bhí na freagróirí ar fad, geall leis, i bhfabhar cumaisc de chóras iarrachta agus bearta teicniúla caomhnaithe arb é an dóigh is fearr, dar leo, chun iascaigh ghrinnill na Meánmhara Thiar a bhainistiú. Ba iad na bearta seo a leanas na bearta ar tugadh an tacaíocht is mó dóibh: tréimhsí coiscthe agus limistéir choiscthe, modhnuithe teicniúla chun roghnaíocht a fheabhsú, íosmhéideanna tagartha caomhnaithe agus scéimeanna comhbhainistíochta.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ba iad an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF), DG MARE agus Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe (EUMOFA) is mó a thug aghaidh ar na gnéithe eolaíocha agus teicniúla a bhain leis an tionscnamh sin. Tháinig dhá mheitheal saineolaithe STECF le chéile in 2015 agus 2016 chun measúnú bitheolaíoch a dhéanamh ar na roghanna beartais agus chun comhairle a thabhairt maidir le gnéithe éagsúla den phlean ilbhliantúil. In 2017, rinne seirbhísí an Choimisiúin na páirtithe leasmhara a ndéanfaidh an tionscnamh difear dóibh a mhapáil agus d'eisigh siad anailís shocheacnamaíoch. Sholáthair EUMOFA sonraí breise i dtaobh dhinimic an mhargaidh sa Mheánmhuir Thiar.

Tá an measúnú ar staid na stoc grinnill sa Mheánmhuir Thiar bunaithe ar an obair is déanaí a rinne STECF agus Coiste Comhairleach Eolaíoch (CCE) CIGM.

Ina theannta sin, bhí dhá staidéar eile ina bhfoinsí tagartha ag an tionscnamh:

- úsáideadh meastóireacht shiarghabhálach ar an MedReg[20] chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin ag na Ballstáit agus chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh cabhrach is a bhí sé chun cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh a bhaint amach. Thug cás-staidéar Mhurascaill an Leoin ar ár gcumas dúinn a thuiscint cén cineál faidhbe atá ann; agus
- chabhraigh an mhionanailís a rinne STECF ar phleananna bainistíochta na mBallstát[21], [22] chabhraigh sin leis an bhfadhb a shainiú, go háirithe i dtaca leis na réasúin ar measadh nár leordhóthanach na pleananna chun leibhéil iascaireachta inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2020.

Bailíodh ábhar tacaíochta breise trí thaighde ar fhoilseacháin eolaíochta, tuarascálacha teicniúla agus leabhair.

- **Measúnú tionchair**

I gcomhréir leis na *Treoirlínte maidir le rialáil níos fearr*, chuir an Coimisiún measúnú tionchair i dtoll a chéile lena gcuirtear in aon doiciméad amháin an fhianaise ar fad atá ag teastáil chun tacú leis an tionscnamh agus ina ndéantar anailís uirthi. Is éard a bhí i gceist a chinntiú gurbh ann d'fhadhb ar leith, na príomhroghanna maidir le beartais a leagan amach

---

20 *Staidéar meastóireachta siarghabhálaí ar an Rialachán maidir leis an Meánmhuir – an tuarascáil chríochnaitheach, lch. 230. (Tuarascáil atá le foilsiú ag Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh) (MRAG(2016)).*

21 *Comhairle eolaíoch maidir le comhréireacht pleananna bainistíochta le ceanglais an Chomhbheartais Iascaigh sa Mheánmhuir. Conradh sonrach Uimh. 9, tasc 4 (comhairle eolaíoch ad hoc ag tacú le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh) – tuarascáil athbhreithnithe 8.8.2014 (MAREA(2014)).*

22 *Tuarascáil ar an 49ú Cruinniú Iomlánach (PLEN-15-02).*

agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu sin ar an gcomhshaol, ar an bpobal agus ar an ngeilleagar.

Tá dhá phríomhfhadhb a imríonn tionchar ar iascaigh ghrinnill na Meánmhara Thiar. Is iad sin na leibhéil arda ró-iascaireachta agus an creat rialála neamhéifeachtach. Sainaithnítear gurb í an úsáid iomarcach a bhaintear as an acmhainn iascaireachta, i.e. an líon ard soithí agus an iarracht mhór iascaireachta, príomhchúis na ró-iascaireachta. San am céanna, tá an creat rialála atá ann faoi láthair neamhéifeachtach ar na cúiseanna seo a leanas: tá raon feidhme teoranta aige, tá an cur chun feidhme mall agus neamhéifeachtach agus léiríonn na páirtithe leasmhara easpa freagrachta ina leith. Mar thoradh díreach nó indíreach ar an dá fhadhb sin, tá fíor-dhroch-chaoi ar stoic ghrinnill, i.e. tá ró-iascaireacht déanta ar os cionn 80 % de na stoic a ndearnadh measúnú orthu agus tá bithmhais cuid díobh an-íseal, rud a léiríonn go bhfuil ard-dóchúlacht ann go gclisfidh ar na stoic, agus beidh impleachtaí socheacnamaíocha aige sin ar iascairí agus ar earnáil na hiascaireachta, agus beidh impleachtaí aige freisin ar an gcomhshaol muirí.

Baineann na fadhbanna a ndéantar cur síos orthu thuas go príomha le cabhlaigh iascaireachta de chuid an Aontais as an bhFrainc, as an Iodáil agus as an Spáinn. De réir na sonraí a thuairiscítear faoin gcreat um bailiú sonraí iascaireachta de chuid an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfadh an tionscadal seo difear a dhéanamh do thart ar 13 000 soitheach[23]. Is as an Iodáil tuairim agus 76 % de na soithí sin, 15 % as an Spáinn agus 9 % as an bhFrainc. Trealaimh atá éighníomhach den chuid is mó agus báid spiléir, beagnach 10 400 soitheach a ghabhann tuairim agus 1 500 tona éisc, atá sna ranna cabhlaigh is lú agus trálaeir ghrinnill is mó atá sna ranna cabhlaigh is mó (beagnach 2 800 soitheach a ghabhann tuairim agus 13 500 tona éisc). Micrifhiontair is ea formhór mór na ngnólachtaí iascaireachta lena mbaineann. Ar an meán, tá soitheach amháin ag 89 % de na fiontair.

I bhfianaise an méid sin go léir, rinneadh trí rogha beartais a mheas:

– Rogha 1 "gan aon athrú beartais" nó an *status quo*, i.e. bheadh feidhm i gcónaí ag an gcreat rialála atá ann faoi láthair. Úsáidtear an rogha sin mar thagarmharc lena gcuirtear na roghanna eile i gcomparáid;

– Rogha 2 "an creat bainistíochta reatha a leasú". – dhéanfaí na pleananna náisiúnta bainistíochta a athbhreithniú chun cuspóirí CFP a chur san áireamh, go príomha trí na nithe seo a leanas: leasuithe ar an raon feidhme atá ann cheana, ó thaobh stoic éisc, iascaigh agus an limistéir a chumhdaítear; cuspóirí nua caomhnaithe amhail an uastáirgeacht inbhuanaithe; spriocanna inchainníochtaithe agus amchláir; agus coimircí nua; agus

– Rogha 3 "plean ilbhliantúil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a ghlacadh" – ba é aidhm na rogha seo deimhin a dhéanamh de go ndéanfaí cabhlaigh iascaireachta an Aontais Eorpaigh atá dírithe ar iascaireacht stoc grinnill sa Mheánmhuir Thiar a rialáil le creat rialála aonair comhtháite ar leibhéal an Aontais.

Ag cur san áireamh an fhianaise ar fad a bailíodh agus a ndearnadh anailís uirthi trí bhíthin an phróisis um measúnú tionchair, is é Rogha 3 an rogha thosaíochta: plean ilbhliantúil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Liostaítear anseo thíos na cúiseanna leis sin:

(1) bheadh tionchar níos dearfaí ag an bplean ilbhliantúil ar an gcomhshaol. Go háirithe, bheadh dóchúlacht de thart ar 36 % ann go mbainfí amach spriocrátaí

[23] *Meastar go mbeidh na figiúirí sin níos ísle mar cuirtear san áireamh, i sonraí oifigiúla na hIodáile, líon iomlán na soithí atá ag oibriú fud fad na Meánmhara. Dar le STECF 16–11, oibríonn tuairim agus 9 000 soitheach sa Mheánmhuir Thiar amháin. Mar sin féin, sa mheasúnú tionchair d'úsáideamar na sonraí oifigiúla arna dtuairisciú ag na Ballstáit faoin gcreat um bailiú sonraí.*

básmhaireachta iascaireachta do na stoic ar fad. Bíodh is go bhfuil an táscaire sin fós íseal agus i bhfad ar shiúl ón gcuspóir MSY, bíonn torthaí níos fearr air ná mar a bhíonn ar Rogha 1 (0 %) agus Rogha 2 (28 %).

(2) I gcás tuairim agus 70 % de na stoic a ndearnadh measúnú orthu, bheadh teacht aniar iontu go leibhéil bhithmhais stoic sceite (SSB) os cionn an phointe tagartha réamhchúraim ($B_{PA}$), le hais 5 % i gcás Rogha 1 agus 72 % i gcás Rogha 2. Leis an bplean, thabharfaí isteach coimircí maidir le bithmhais lena n-éileofaí bearta réamhshainithe chun go mbeadh teacht aniar ag stoic nach dtagann laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte, agus ba mhó ba dhóchúla go gcoinneofaí leibhéil inbhuanaithe bhithmhaise dá bharr. Sa bhreis air sin, ó thaobh cuspóir $F_{MSY}$ a bhaint amach de, is mó iad na rioscaí a bhaineann le Rogha 2 ná an plean agus é sin ar dhá chúis bhunúsacha: (i) is gá i bhfad níos mó coinníollacha a chomhlíonadh chun creat bainistíochta éifeachtach a sholáthar, e.g. comhar, comhchuibhiú agus comhordú níos dlúithe idir na Ballstáit; agus (ii) fiú má leasaítear an creat reatha, ní scéal cinnte é go mbeidh deireadh leis an gcur chun feidhme lochtach atá á shonrú le tamall anuas.

(3) bíodh is go mbaineann an plean le fostaíocht idirthréimhseach agus le costais atá bainteach le brabúsacht mar thoradh ar laghduithe ar an iarracht iascaireachta, meastar go dtiocfaidh feabhas ar fheidhmíocht shocheacnamaíoch na gcabhlach ar fad faoi 2025, agus nach mbeidh ach cabhlach amháin i mbaol ó thaobh cúrsaí airgeadais de faoi 2025 (naoi gcinn de ranna cabhlaigh a bheadh i mbaol i gcás Rogha 1 agus ceithre cinn i gcás Rogha 2).

(4) murab ionann agus na pleananna bainistíochta náisiúnta reatha, bheadh plean ilbhliantúil cuíchóirithe (aon phríomhchreat rialála amháin), bheadh sé cobhsaí (cuireann sé an dearcadh fadtéarmach san áireamh) agus bheadh sé trédhearcach (toisc go dtabharfadh na trí Bhallstát lena mbaineann na rátaí básmhaireachta iascaireachta go comhpháirteach go leibhéil inbhuanaithe).

(5) bíonn pleananna ilbhliantúla níos mó i gcomhréir leis an CFP athchóirithe, go háirithe Airteagal 2 de, toisc gurb iad is mó i bhfad an rogha uirlis chun saothrú inbhuanaithe na stoc éisc a bhainistiú.

Ar deireadh, léiríodh sa chomhairliúchán leathan go bhfuil formhór na bpáirtithe leasmhara, riaracháin phoiblí, an earnáil iascaireachta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an pobal i gcoitinne, go bhfuil a bhformhór siúd den tuairim gurb é plean ilbhliantúil de chuid an Aontais an rogha is fearr chun iascaigh ghrinnill a bhainistiú sa Mheánmhuir Thiar.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Bíodh is nach tionscnamh faoi chlár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála an Choimisiúin (REFIT) an togra seo, thabharfadh sé isteach creat bainistíochta níos simplí, níos cobhsaí, agus níos trédhearcaí. D’fhéadfaí a bheith ag súil leis go ndéanfaí simpliú ar an bplean tar éis idirthréimhse, mar thiocfadh an plean ilbhliantúil in ionad forálacha atá fite fuaite i mórán pleananna náisiúnta san am i láthair agus dhéanfadh sé comhsheasmhacht a áirithiú idir na huirlisí éagsúla bainistíochta a úsáidtear maidir leis an iascach atá i gceist.

Leis an togra chomh maith, foráiltear maidir le córas níos soiléire chun bearta bainistíochta a cheapadh atá bunaithe ar chomhairle eolaíoch. Chuirfeadh eolaithe a gcomhairle ar fáil ar bhonn bliantúil, lena n-áirítear comhairle maidir le teorainn le hiarrachtaí ar mhaithe le leibhéil inbhuanaithe iascaireachta a áirithiú agus, bunaithe ar an gcomhairle sin, cheapfaí togra bliantúil ón gCoimisiún sa Rialachán maidir le deiseanna iascaireachta.

- **Cearta bunúsacha**

Níl sé infheidhme.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí buiséadacha ann.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Is mar chuid den ghnáthobair a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh go ndéantar faireachán ar roinnt de na héifeachtaí atá ag bearta bainistíochta. Faoi reachtaíocht AE maidir le bailiú sonraí, bailíonn na Ballstáit na sonraí a bheadh ag teastáil chun faireachán a dhéanamh ar thionchar socheacnamaíoch an togra agus ar a thionchar ar an gcomhshaol. Cuireann STECF comhairle eolaíoch ar fáil cheana féin i dtaobh na stoc grinnill a bheadh i gceist, i.e. an colmóir, an lannach riabhach, an séacla gorm agus dearg, an rós-séacla domhainmhara, an séacla mór dearg agus gliomach na hIorua. Is trí Fhaireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe (EUMOFA) a dhéanfar faireachán ar thionchar an phlean ilbhliantúil ar an margadh.

Faoi Airteagal 10(3) de Rialachán CBI, déanfar foráil sna pleananna ilbhliantúla maidir le meastóireacht tosaigh *ex post* agus maidir le meastóireachtaí eile ina dhiaidh sin, go háirithe chun athraithe i gcomhairle eolaíoch a chur san áireamh. Dhéanfadh STECF an plean agus a thionchar a mheas cúig bliana tar éis a theacht i bhfeidhm. Tar éis sin, chuirfeadh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na torthaí. Níl sé indéanta meastóireacht a dhéanamh níos luaithe, óir d’fhéadfadh achar suntasach ama a bheith i gceist idir cur chun feidhme an phlean agus an uair a bheadh na sonraí ar fáil chun an mheastóireacht a dhéanamh. Mar sin féin, ní choisceann tréimhsiúlacht na meastóireachta ar na reachtóirí an plean a leasú mar fhreagairt don dul chun cinn atá déanta i gcúrsaí eolaíocha, polaitiúla agus socheacnamaíocha.

- **Doiciméid mhíniúcháin**

Níl sé infheidhme.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

I gcomhréir leis na forálacha maidir le prionsabail, cuspóirí agus inneachar na bpleananna ilbhliantúla (Airteagal 9 agus Airteagal 10 de Rialachán an Chomhbheartais Iascaigh), is mar seo a leanas atá príomheilimintí an phlean:

– **raon feidhme:**: Baineann an togra leis na stoic éisc atá á saothrú ag iascaigh ghrinnill (i.e. an colmóir, an lannach riabhach, an rós-séacla domhainmhara, an séacla gorm agus dearg, an séacla mór dearg agus gliomach na hIorua), le stoic foghabhála agus stoic ghrinnill eile nach bhfuil sonraí a ndóthain ar fáil ina dtaobh. Ina theannta sin, baineann an togra le hiascaigh thráchtála agus áineasa atá ag saothrú na stoc sin sa Mheánmhuir Thiar (i.e. folimistéir CIGM 1, 2, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11);

– **cuspóirí**: Is iad cuspóirí an togra a bheith ina thacú leis na cuspóirí in Airteagal 2 de Rialachán an Chomhbheartais Iascaigh, go háirithe uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach, trí chur chuige an réamhchúraim a chur i bhfeidhm agus tríd an gcur chuige atá bunaithe ar éiceachóras a chur chun feidhme. Leis an togra, éascófar freisin cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír;

– **spriocanna inchainníochtaithe**: Is raonta $F_{MSY}$ iad na spriocrátaí básmhaireachta iascaireachta atá beartaithe, arna sloinneadh i dtéarmaí bithmhais stoic sceite, ar chóir iad a bhaint amach faoi 2020 ar a dhéanaí. D'fhágfadh na raonta go bhféadfaí córas bainistíochta bunaithe ar MSY a chur i bhfeidhm ar na stoic éisc i gceist, agus go mbeadh solúbthacht ann i gcomhthéacs iascach ilspeiceas;

– **pointí tagartha caomhnaithe**: Tá na pointí tagartha caomhnaithe atá beartaithe, arna sloinneadh i dtéarmaí bithmhais stoic sceite, i gcomhréir le comhairle eolaíoch don Mheánmhuir. I gcás gach stoic, tugann an togra isteach pointe tagartha teorann (nó teorainn bhithmhaise, $B_{LIM}$) arb é sin an pointe ina mbeadh baol mór ann go gclisfeadh ar an stoc éisc, agus pointe tagartha réamhchúraim (nó bithmhais réamhchúraim, $B_{PA}$) mar lamháil sábháilteachta;

– **coimircí agus bearta feabhais**: Leis an togra, tugtar isteach bearta cosanta le gur féidir le stoc éisc teacht chuige féin i gcás go sárófaí na pointí tagartha réamhchúraim nó pointí tagartha teorann. D'fhéadfadh sé go gcumhdódh na bearta sin raon leathan gníomhaíochtaí, bearta éigeandála na mBallstát nó an Choimisiúin san áireamh.

– **an córas iarrachta iascaireachta**: Leis an togra, tugtar isteach córas iarrachta iascaireachta ar leibhéal AE i gcás gach trál sna limistéir agus sna réimsí soithí de réir a bhfaid faoi mar a chuirtear síos orthu in Iarscríbhinn I. Gach bliain, ar bhonn na comhairle eolaíche, socróidh an Chomhairle an t-uasmhéid iarrachta a cheadófar (líon na laethanta iascaireachta) do gach grúpa iarrachta de réir an Bhallstáit. Sa bhreis air sin, déantar foráil sa togra maidir le laghdú suntasach iarrachta le linn na chéad bhliana dá chur chun feidhme, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch;

– **limistéir choiscthe**: Leis an togra, leagtar amach mar bheart comhlántach tréimhsí coiscthe agus limistéir choiscthe a chuireann toirmeasc ar thráil laistigh den iseabat 100 m ón 1 Bealtaine go 31 Iúil gach bliain. Choinneofaí, ar an dóigh sin, limistéir an chósta do threalaimh níos roghnaí ar mhaithe le limistéir atá ina n-iasclanna agus ina ngnáthóga íogaire a chosaint, agus ar mhaithe le hinbhuanaitheacht shóisialta na n-iascach ar mhionscála a fheabhsú. I bhfianaise na tábhachta socheacnamaíche agus na práinne atá le básmhaireacht ró-ard an cholmóra a laghdú, déantar limistéir choiscthe bhreise a chur chun cinn trí bhíthin an réigiúnaithe chun colmóirí sceite a chosaint.

– **an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír**: Leis an togra, cuirtear sonraí ar fáil maidir le cur chun feidhme fadtéarmach na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír. Tugtar isteach go háirithe forálacha maidir le réigiúnú de réir mar is gá chun díolúintí i gcás speiceas a léirítear go bhfuil ardrátaí marthanais acu agus díolúintí *de minimis* a shíneadh nó a leasú;

– **an comhar réigiúnach**: Leis an togra, bunaítear comhar réigiúnach i measc na mBallstát d'fhonn forálacha a ghlacadh i dtaobh na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír agus i dtaobh bearta sonracha caomhnaithe, bearta teicniúla san áireamh, i gcás stoc eisc áirithe;

– **faireachán agus meastóireacht**: Leis an togra, tugtar isteach faireachán eolaíoch chun an dul chun cinn i dtreo uastáirgeachta inbhuanaithe i ndáil leis na stoic éisc a shaothraítear in iascaigh ghrinnill agus, i gcás inar féidir é, i ndáil le stoic foghabhála. Tá an méid sin riachtanach sa Mheánmhuir, toisc go ndéanfaidh sé deimhin de go ndéanfar meastóireacht rialta ar na stoic faoi réir an phlean. Déanfar meastóireacht ar an bplean féin tar éis cúig bliana de chur chun feidhme.

2018/0050 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[24],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige, a bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach ann, déantar foráil maidir le hoibleagáidí caomhnaithe, lena n-áirítear an líon speiceas atá á saothrú a choinneáil ar leibhéil nó a thabhairt ar ais chuig leibhéil ar ar féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY) a bhaint amach.

(2) Ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe i Nua-Eabhrac in 2015, gheall an tAontas agus a Bhallstáit go ngníomhóidís faoi 2020 chun saothrú an éisc a rialú go héifeachtach, agus cosc a chur leis an ró-iascaireacht, an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe, neamhrialáilte, mar aon le cleachtais iascaireachta dhíobhálacha, agus pleananna bainistithe eolaíochtbhunaithe a chur chun feidhme chun stoic éisc a athbhunú, a luaithe is féidir, chuig na leibhéil sin lenar féidir MSY a tháirgeadh ar a laghad, arna gcinneadh ag a saintréithe bitheolaíocha.

(3) Leis an dearbhú MedFish4Ever ó Chomhdháil na nAirí i Málta an 30 Márta 2017[25], leagtar síos creat do rialachas na hiascaireachta sa Mheánmhuir agus soláthraítear clár oibre ar a bhfuil cúig bheart nithiúla do na deich mbliana amach romhainn. Ceann de na gealltanais a rinneadh is ea pleananna ilbhliantúla a chur ar bun.

(4) Bunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] rialacha an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais. Is ann do CBI chun cur le cosaint na muirthimpeallachta, le

[24] IO C […], […], lch. […].

[25] Dearbhú MedFish4Ever ó Chomhdháil na nAirí i Málta. An chomhdháil aireachta maidir le hinbhuanaitheacht na n-iascach sa Mheánmhuir (Málta, an 30 Márta 2017).

[26] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar na speicis uile sin a ndéantar saothrú tráchtála orthu, agus go háirithe le dea-stádas comhshaoil a bhaint amach faoi 2020.

(5) Is iad cuspóirí CBI, *inter alia*, a áirithiú go ndéanfar iascaireacht agus dobharshaothrú inbhuanaithe san fhadtéarma ó thaobh an chomhshaoil de, go mbeidh cur chuige an réamhchúraim á chur i bhfeidhm i ndáil le bainistiú iascaireachta agus go mbeidh cur chuige bunaithe ar an éiceachóras á chur chun feidhme i ndáil le bainistiú iascaireachta.

(6) D'fhonn cuspóirí CBI a bhaint amach, ba cheart roinnt beart caomhnaithe amhail pleananna ilbhliantúla agus bearta teicniúla chomh maith le socrú agus leithdháileadh deiseanna iascaireachta a ghlacadh.

(7) De bhun Airteagal 9 agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh gach plean ilbhliantúil bunaithe ar chomhairle eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch. I gcomhréir leis na forálacha sin, ba cheart a bheith sa phlean ilbhliantúil dá bhforáiltear leis an Rialachán seo cuspóirí, spriocanna inchainníochtaithe a bhfuil amchláir shoiléire ag gabháil leo, pointí tagartha caomhnaithe, coimircí agus bearta teicniúla atá ceaptha chun laghdú a dhéanamh ar ghabhálacha de thaisme.

(8) Tagraíonn "an chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil" do chomhairle eolaíoch a bhfuil teacht ag an bpobal uirthi agus a dtugtar tacaíocht di leis na sonraí eolaíocha agus na modhanna eolaíocha is nua-aimseartha dá bhfuil ann agus atá eisithe nó athbhreithnithe ag comhlacht eolaíoch neamhspleách atá aitheanta ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta.

(9) Ba cheart teacht a bheith ag an gCoimisiún ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil maidir leis na stoic éisc a thagann faoi raon feidhme an phlean ilbhliantúil. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún go háirithe dul i gcomhairle leis an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI). Ba cheart, go háirithe, teacht a bheith ag an gCoimisiún ar chomhairle eolaíoch a bhfuil teacht ag an bpobal uirthi, lena n-áirítear comhairle maidir le hiascaigh ilspeiceas, lena gcuirtear san áireamh an plean dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus lena léirítear raonta $F_{MSY}$ agus pointí tagartha caomhnaithe ($B_{PA}$ agus $B_{LIM}$).

(10) Le Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle[27], bunaítear creat bainistíochta do shaothrú inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir agus ceanglaítear leis go nglacfar pleananna bainistíochta d'iascaigh ina mbaintear úsáid as tráil, saighní báid, saighní cladaigh, eangacha timpeallaithe agus dreidirí in uiscí teorann na mBallstát.

(11) Tá pleananna bainistíochta glactha ag an bhFrainc, an Iodáil agus an Spáinn faoi Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006. Tá easpa comhsheasmhachta idir na pleananna, áfach, agus ní chuirtear san áireamh sna pleananna na trealaimh ar fad lena saothraítear stoic ghrinnill agus an dáileadh traslimistéir maidir le stoic agus cabhlaigh iascaireachta áirithe. Anuas air sin, léiríodh go raibh na pleananna sin neamhéifeachtach maidir leis na cuspóirí a leagtar síos sa Chomhbheartas Iascaigh (CBI) a bhaint amach. Tá sé curtha in iúl ag na Ballstáit agus ag páirtithe leasmhara go bhfuil siad i bhfách le plean ilbhliantúil a cheapadh agus a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais Eorpaigh do na stoic lena mbaineann.

---

27 Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistíochta i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 (IO L 36, 8.2.2007, lch. 6).

(12) Maidir le saothrú an chuid is mó de na stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar, tá sé léirithe ag CETEI go sáraíonn an saothrú sin go mór na leibhéil a theastaíonn chun MSY a bhaint amach.

(13) Is iomchuí, mar sin, plean ilbhliantúil a chur ar bun ("an plean") chun stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe.

(14) Sa phlean sin, ba cheart a chur san áireamh gur iascaigh ilspeiceas iad na hiascaigh agus go mbíonn dinimic ann idir na stoic éisc dá bharr, eadhon an colmóir (*Merluccius merluccius*), an lannach riabhach (*Mullus barbatus*), an rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*), gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*), an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) agus an séacla mór dearg (*Aristaeomorpha foliacea*). Ba cheart freisin speicis foghabhála agus stoic ghrinnill nach bhfuil sonraí leordhóthanacha ar fáil ina leith a chur san áireamh sa phlean. Ba cheart feidhm a bheith ag an bplean maidir le hiascaireacht ghrinnill a dhéantar in uiscí an Aontais nó a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais lasmuigh d'uiscí an Aontais sa Mheánmhuir Thiar, go háirithe i gcás ina n-úsáidtear tráil, eangacha grinnill, gaistí agus spiléir.

(15) Ós rud é go bhfuil tábhacht ag baint leo, ba cheart iascaireacht áineasa lena ngabhtar stoic ghrinnill Mheánmhuirí a chumhdach leis an bplean dá bhforáiltear sa Rialachán seo. I gcás ina mbíonn mórthionchar ag iascaireacht den sórt sin ar stoic, ba cheart foráil a dhéanamh leis an bplean ilbhliantúil dá bhforáiltear sa Rialachán seo go bhféadfaí bearta sonracha bainistíochta a ghlacadh.

(16) Ba cheart raon feidhme geografach an phlean ilbhliantúil a bheith bunaithe ar dháileadh geografach na stoc de réir mar a léirítear é sa chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil. D'fhéadfaí gur gá athruithe a dhéanamh ar dháileadh geografach na stoc éisc mar a leagtar amach sa phlean ilbhliantúil é de bharr feabhas a bheith ag teacht ar an bhfaisnéis eolaíoch. Ar an ábhar sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena gcoigeartaítear dáileadh geografach na stoc éisc a leagtar amach sa phlean ilbhliantúil i gcás inar léir ón gcomhairle eolaíoch go bhfuil athrú ar dháileadh geografach na stoc éisc ábhartha.

(17) Ba cheart gurb é cuspóir an phlean dá bhforáiltear sa Rialachán seo rannchuidiú le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh a bhaint amach agus, go háirithe, MSY a shroicheadh agus a choinneáil i gcás na spriocstoc éisc, an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás stoic ghrinnill atá faoi réir íosmhéid tagartha caomhnaithe a chur chun feidhme, agus caighdeán cothrom maireachtála a chur chun cinn dóibh siúd a bhíonn ag brath ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, agus aird á tabhairt ar iascaigh chósta agus ar ghnéithe socheacnamaíocha. Leis an bplean, ba cheart cur chuige a chur chun feidhme freisin bunaithe ar éiceachóras i dtaca le bainistiú iascaigh chun tionchair dhiúltacha gníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachóras na mara a laghdú a oiread is féidir. Ba cheart é a bheith i gcomhréir le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, go háirithe leis an gcuspóir dea-stádas comhshaoil a bhaint amach faoin mbliain 2020 (i gcomhréir le Treoir 2008/56/CE[28]) agus cuspóirí Threoir 2009/147/CE[29] agus Threoir 92/43/CEE ón gComhairle[30].

---

28 Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

29 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

30 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

(18) Is iomchuí spriocrátaí básmhaireachta iascaireachta (F), a chomhfhreagraíonn don chuspóir MSY a shroicheadh agus a choinneáil, a shocrú mar raonta luachanna atá comhsheasmhach le huastáirgeacht inbhuanaithe MSY, i.e. $F_{MSY}$, a bhaint amach. Is gá na raonta sin, agus iad bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, chun solúbthacht a sholáthar chun forbairtí sa chomhairle eolaíoch a chur san áireamh, chun rannchuidiú le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír agus chun saintréithe na n-iascach ilspeiceas a chur san áireamh. Bunaithe ar an bplean seo, ceaptar na raonta sin chun laghdú nach mó ná 5 % i dtáirgeacht fhadtéarmach a dhéanamh i gcomparáid le MSY. Anuas air sin, caidhpeáiltear uasteorainn raon $F_{MSY}$ agus é mar aidhm nach mó ná 5 % an dóchúlacht go dtitfidh an stoc faoin bpointe tagartha teorann i dtaca le bithmhais ($B_{LIM}$).

(19) Chun críocha deiseanna iascaireachta a shocrú, ba cheart raonta $F_{MSY}$ a bheith ann maidir le "gnáthúsáid" agus, faoi réir dhea-stádas na stoc lena mbaineann, raonta $F_{MSY}$ a bhfuil tuilleadh solúbthachta ag baint leo. Maidir leis na raonta deireanacha sin, níor cheart go bhféadfaí deiseanna iascaireachta a shocrú ach amháin más amhlaidh, ar bhonn comhairle eolaíoch, gur gá sin a dhéanamh chun na cuspóirí a leagtar síos sa Rialachán seo a bhaint amach in iascaigh ilspeiceas nó chun díobháil a dhéantar do stoc éisc de bharr dinimic stoic laistigh den aon speiceas amháin nó idir speicis dhifriúla a sheachaint, nó chun na héagsúlachtaí ó bhliain go bliain i ndeiseanna iascaireachta a theorannú.

(20) I gcás stoic a bhfuil spriocanna maidir le MSY ar fáil ina leith, is gá, chun críche bearta coimirce a chur i bhfeidhm, pointí tagartha caomhnaithe, arna léiriú i dtéarmaí pointí tagartha réamhchúraim ($B_{PA}$) agus pointí tagartha teorann ($B_{LIM}$), a bhunú.

(21) Ba cheart coimircí iomchuí a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go mbainfear amach na spriocanna agus, i gcás inar gá sin, chun bearta ceartaitheacha a ghníomhachtú go háirithe i gcás ina dtitfidh stoic faoi bhun na bpointí tagartha caomhnaithe. Ba cheart a áireamh ar na bearta ceartaitheacha sin bearta éigeandála i gcomhréir le hAirteagal 12 agus Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, deiseanna iascaireachta agus bearta sonracha caomhnaithe eile.

(22) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní mór do na deiseanna iascaireachta a bheith i gcomhréir leis na spriocanna, na hamchláir agus na lamhálacha a bhunófar sna pleananna ilbhliantúla. Chun críche an phlean dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ciallaíonn "deis iascaireachta" teidlíocht dhlíthiúil chainníochtaithe iascaireacht a dhéanamh, arna léiriú i dtéarmaí iarracht iascaireachta agus/nó gabhálacha.

(23) Chun a áirithiú go mbeidh teacht ar iascaigh ar dhóigh thrédhearcach agus go mbainfear amach spriocrátaí básmhaireachta iascaireachta, ba cheart córas iarrachta iascaireachta a ghlacadh i dtaca le tráil arb é an príomhthrealamh é a úsáidtear chun stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar a shaothrú. Chuige sin, is iomchuí grúpaí iarrachta a shocrú chun gur féidir leis an gComhairle uasiarracht iascaireachta incheadaithe a bhunú, arna cur in iúl i dtéarmaí líon na laethanta iascaireachta, ar bhonn bliantúil. I gcás inar gá, ba cheart trealaimh eile iascaireachta a áireamh sa chóras iarrachta.

(24) Mar thoradh ar an gcaoi a bhfuil na stoic ghrinnill ar fad nach mór sa Mheánmhuir Thiar, ar ábhar imní é, agus chun na rátaí arda básmhaireachta iascaireachta atá ann faoi láthair a laghdú, ba cheart laghdú suntasach ar iarracht iascaireachta a bheith i gceist sa chóras sa chéad bhliain de chur chun feidhme an phlean dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

(25) I gcás ina léireofar leis an gcomhairle eolaíoch go bhfuil tionchar suntasach ag iascaireacht áineasa ar rátaí básmhaireachta iascaireachta na stoc éisc lena mbaineann, ba cheart don Chomhairle iad a chur san áireamh. Chuige sin, a bhuí leis an gcóras iarrachta maidir le gabhálacha tráchtála, féadfaidh an Chomhairle deiseanna iascaireachta a shocrú lena gcuirtear san áireamh méid na ngabhálacha áineasa agus/nó bearta eile a ghlacadh lena gcuirtear srian le hiascaireacht áineasa.

(26) I gcás ina léireofar leis an gcomhairle eolaíoch nach leor an córas iarrachta iascaireachta chun na cuspóirí nó na spriocanna a leagtar amach sa phlean dá bhforáiltear sa Rialachán seo a bhaint amach, ba cheart bearta bainistíochta bunaithe ar ghabhálacha iomlána is incheadaithe a thabhairt isteach chun an córas iarrachta a chomhiomlánú.

(27) Ba cheart do na Ballstáit bearta sonracha a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil an córas iarrachta iascaireachta éifeachtach agus inoibrithe, trí mhodh chun cuótaí iarrachta a leithdháileadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a áireamh sa chóras, trí liosta soithí a chur ar fáil, trí údaruithe iascaireachta a eisiúint agus sonraí ábhartha maidir le hiarracht iascaireachta a thaifeadadh agus a tharchur.

(28) Chun iasclanna agus gnáthóga íogaire chomh maith leis an iascaireacht ar mhionscála a chosaint, ba cheart an crios cósta a choimeád le haghaidh iascaireacht níos roghnaí. Dá bhrí sin, leis an bplean dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart cosc iascaireachta a chur ar bun ar feadh trí mhí gach bliain do thráil a oibríonn laistigh den iseabat 100 méadar.

(29) Ba cheart bearta breise caomhnaithe a dhéanamh maidir le stoic ghrinnill. Is iomchuí, go háirithe, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch, tréimhse choiscthe a chur i bhfeidhm i limistéir ina bhfuil comhbhailiúcháin mhóra d'éisc sceite chun an chéim aosach den cholmóir a bhfuil díobháil mhór déanta dóibh a chosaint.

(30) Ba cheart cur chuige an réamhchúraim a chur i bhfeidhm maidir le stoic foghabhála agus stoic ghrinnill nach bhfuil sonraí leordhóthanacha ar fáil ina leith. Ba cheart bearta sonracha caomhnaithe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 i gcás ina léireofar leis an gcomhairle eolaíoch go bhfuil bearta ceartaitheacha ag teastáil.

(31) Leis an bplean dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le bearta breise teicniúla caomhnaithe atá le glacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe. Is gá sin chun cuspóirí an phlean a bhaint amach, go háirithe i dtaca le stoic ghrinnill a chaomhnú agus roghnaíocht a fheabhsú.

(32) Chun an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír arna bunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a chomhlíonadh, ba cheart leis an bplean dá bhforáiltear sa Rialachán seo foráil a dhéanamh maidir le bearta bainistíochta breise i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

(33) Chun go bhféadfaí an plean dá bhforáiltear sa Rialachán seo a oiriúnú go tráthúil don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le bearta ceartaitheacha agus bearta teicniúla caomhnaithe, an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme agus gnéithe áirithe den phlean a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú

Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[31]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, tabharfar na doiciméid uile do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ag an am céanna agus a thabharfar iad do na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag na saineolaithe sna Ballstáit ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(34) Mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ba cheart spriocdháta a leagan síos maidir le tíolacadh moltaí comhpháirteacha ag na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu.

(35) Chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le MSY, ba cheart go bhféadfaí, de thoradh an phlean dá bhforáiltear sa Rialachán seo, faireachán rialta eolaíoch a dhéanamh ar na stoic lena mbaineann agus, i gcás inar féidir, ar stoic foghabhála.

(36) I gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh go tréimhsiúil ar leordhóthanacht agus ar éifeachtacht an Rialacháin seo. Ba cheart measúnú den sórt sin a bheith bunaithe ar mheastóireacht thréimhsiúil ar an bplean dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ar bhonn comhairle eolaíoch ó CETEI, tar éis na chéad chúig bliana agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin. Mar thoradh air sin, is féidir an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme ina hiomláine, bearta réigiúnaithe a ghlacadh agus a chur chun feidhme agus tionchar a imirt ar na stoic éisc agus ar na hiascaigh. Is é cúig bliana an íostréimhse a éilíonn comhlachtaí eolaíocha freisin.

(37) Chun deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil, is iomchuí a shoiléiriú gur féidir bearta sealadacha scoir atá glactha chun cuspóirí an phlean dá bhforáiltear sa Rialachán seo a bhaint amach a mheas mar incháilithe do thacaíocht faoi Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32].

(38) I gcomhréir le hAirteagal 9(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, rinneadh measúnú ar thionchar geilleagrach agus sóisialta dóchúil an phlean dá bhforáiltear sa Rialachán seo sular dréachtaíodh é[33].

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

31 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

32 Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

33 Measúnú Tionchair [tagairt le háireamh tráth a fhoilsithe].

## CAIBIDIL I
## **FORÁLACHA GINEARÁLTA**

*Airteagal 1*
***Ábhar agus raon feidhme***

1. Leis an Rialachán seo bunaítear plean ilbhliantúil ("an plean") chun stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na stoic seo a leanas:

(a) an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) i bhfolimistéar 1 CGIM (an Coimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir);

(b) an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) i bhfolimistéar 5 CGIM;

(c) an séacla gorm agus dearg (*Aristeus antennatus*) i bhfolimistéar 6 CGIM;

(d) an rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*) i bhfolimistéar 1 CGIM;

(e) an rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*) i bhfolimistéar 5 CGIM;

(f) an rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*) i bhfolimistéar 6 CGIM;

(g) an rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*) i bhfolimistéir 9-10-11 CGIM;

(h) an séacla mór dearg (*Aristeus antennatus*) i bhfolimistéar 9 CGIM;

(i) an séacla mór dearg (*Aristeus antennatus*) i bhfolimistéar 10 CGIM;

(j) an séacla mór dearg (*Aristeus antennatus*) i bhfolimistéar 11 CGIM;

(k) an colmóir Eorpach (*Merluccius merluccius*) i bhfolimistéir 1-5-6-7 CGIM;

(l) an colmóir Eorpach (*Merluccius merluccius*) i bhfolimistéir 9-10-11 CGIM;

(m) gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) i bhfolimistéar 5 CGIM;

(n) gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) i bhfolimistéar 6 CGIM;

(o) gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) i bhfolimistéar 9 CGIM;

(p) gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) i bhfolimistéar 11 CGIM;

(q) an lannach riabhach (*Mullus barbatus*) i bhfolimistéar 1 CGIM;

(r) an lannach riabhach (*Mullus barbatus*) i bhfolimistéar 5 CGIM;

(s) an lannach riabhach (*Mullus barbatus*) i bhfolimistéar 6 CGIM;

(t) an lannach riabhach (*Mullus barbatus*) i bhfolimistéar 7 CGIM;

(u) an lannach riabhach (*Mullus barbatus*) i bhfolimistéar 9 CGIM; agus

(v) an lannach riabhach (*Mullus barbatus*) i bhfolimistéar 10 CGIM.

3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na stoic foghabhála a ghabhtar sa Mheánmhuir Thiar nuair atá iascaireacht á déanamh ar na stoic dá dtagraítear i mír 1.

Beidh feidhm ag an Rialachán freisin maidir le stoic eile ghrinnill a ghabhtar sa Mheánmhuir Thiar nach bhfuil sonraí leordhóthanacha ar fáil ina leith.

4. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hiascaigh thráchtála agus iascaigh áineasa lena ngabhtar na stoic ghrinnill dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3, i gcás ina ndéanfar sin in uiscí an Aontais nó i gcás ina ndéanfaidh soithí iascaireachta an Aontais sin lasmuigh d'uiscí an Aontais sa Mheánmhuir Thiar.

5. Leis an Rialachán seo freisin, sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír in uiscí an Aontais sa Mheánmhuir Thiar maidir le gach stoc éisc de speicis a bhfuil an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír infheidhme ina leith faoi Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

*Airteagal 2*

***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, i dteannta na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[34] agus in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "na stoic lena mbaineann" na stoic dá bhforáiltear in Airteagal 1(2);

(2) ciallaíonn "raon $F_{MSY}$" raon luachanna a chuirtear ar fáil leis an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, go háirithe comhairle eolaíoch ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI), ina bhfuil uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY) fhadtéarmach ann mar thoradh ar gach leibhéal básmhaireachta iascaireachta laistigh den raon sin bunaithe ar phatrún iascaireachta agus faoi mheándálaí comhshaoil atá ann cheana gan difear suntasach a dhéanamh don phróiseas atáirgthe do na stoic éisc lena mbaineann. Ceaptar an raon sin chun laghdú nach mó ná 5 % i dtáirgeacht fhadtéarmach a dhéanamh i gcomparáid le MSY. Cuirtear uasteorainn leis an raon ionas nach mó ná 5 % an dóchúlacht go dtitfidh an stoc éisc faoin bpointe tagartha teorann ($B_{LIM}$).

(3) ciallaíonn "luach phointe $F_{MSY}$" luach an ráta básmhaireachta iascaireachta measta bunaithe ar phatrún iascaireachta agus ar dhálaí comhshaoil reatha a thugann an uastáirgeacht fhadtéarmach;

(4) ciallaíonn "MSY $F_{LOWER}$" an luach is ísle laistigh de raon $F_{MSY}$;

(5) ciallaíonn "MSY $F_{UPPER}$" an luach is airde laistigh de raon $F_{MSY}$;

(6) ciallaíonn "an raon is ísle de $F_{MSY}$" raon ina bhfuil luachanna ó MSY $F_{LOWER}$ suas le luach phointe $F_{MSY}$;

(7) ciallaíonn "an raon is airde de $F_{MSY}$" raon ina bhfuil luachanna ó $F_{MSY}$ suas le luach phointe MSY $F_{UPPER}$;

---

[34] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail d'fhonn comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, Rialachán (CE) Uimh. 1627/94 agus Rialachán (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

(8) ciallaíonn "$B_{LIM}$ an pointe tagartha teorann, arna shloinneadh i dtéarmaí bithmhais stoic sceite agus arna sholáthar sa chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, go háirithe ó CETEI, ar faoina bhun is féidir laghdú a bheith ar acmhainn atáirgthe na stoc éisc;

(9) ciallaíonn "$B_{PA}$" an pointe tagartha réamhchúraim, arna shloinneadh i dtéarmaí bithmhais stoic sceite agus arna sholáthar sa chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, go háirithe ó CETEI, a áirithíonn gur lú ná 5 % an dóchúlacht go mbeidh an bhithmhais stoic sceite faoi bhun $B_{LIM}$;

(10) ciallaíonn "grúpa iarrachta" aonad bainistithe cabhlaigh Ballstáit a socraítear uasiarracht iascaireachta incheadaithe ina leith;

(11) ciallaíonn "lá iascaireachta" lá féilire ó 0:00 go 24:00 ar lena linn a dhéantar gníomhaíochtaí iascaireachta;

(12) ciallaíonn "an Mheánmhuir Thiar" na huiscí i bhfolimistéir gheografacha CGIM seo a leanas: folimistéar 1 (Muir Alboran Thuaidh), folimistéar 2 (Oileán Alboran), folimistéar 5 (na hOileáin Bhailéaracha), folimistéar 6 (Tuaisceart na Spáinne), folimistéar 7 (Murascaill an Leoin), folimistéar 8 (Oileán na Corsaice), folimistéar 9 (an Mhuir Liogúrach agus Muir Thoirian Thuaidh), folimistéar 10 (Muir Thoirian Theas), agus folimistéar 11 (Oileán na Sairdíne), mar a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35].

*Airteagal 3*

***Cuspóirí***

1. Rannchuideoidh an plean le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh a liostaítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a bhaint amach, go háirithe trí chur chuige an réamhchúraim a chur i bhfeidhm i leith bainistiú iascaigh, agus beidh sé mar aidhm aige a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas saothraithe a athbhunú agus a choinneáil os cionn leibhéil lenar féidir MSY a bhaint amach.

2. Beidh an plean ina chuidiú le hábhair mhuirí aischurtha a dhíothú trí ghabhálacha de thaisme a sheachaint agus a laghdú, a mhéid is féidir, agus le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a bhunaítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 i gcás na speiceas atá faoi réir íosmhéideanna tagartha caomhnaithe agus a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo.

3. Leis an bplean, cuirfear chun feidhme cur chuige bunaithe ar éiceachóras i dtaca le bainistiú iascaigh chun a áirithiú go ndéanfar tionchair dhiúltacha gníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachóras na mara a laghdú a oiread is féidir. Beidh sé i gcomhréir le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, go háirithe leis an gcuspóir dea-stádas comhshaoil a bhaint amach faoin mbliain 2020 mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Threoir 2008/56/CE agus leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 agus

[35] Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CIGM (an Coimisiún Iascaigh Ginearálta don Mheánmhuir) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle maidir le bearta bainistíochta do shaothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir (IO L 347, 30.12.2011, lch. 44).

Airteagal 5 de Threoir 2009/147/CE agus in Airteagal 6 agus Airteagal 12 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle.

4. Go háirithe, beidh sé d'aidhm ag an bplean:

(a) a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha a thuairiscítear i dtuairisceoir 3 atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/56/CE; agus

(b) cuidiú le comhlíonadh na dtuairisceoirí ábhartha eile atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/56/CE i gcomhréir leis an ról atá ag na hiascaigh ina gcomhlíonadh.

5. Déanfar bearta sa phlean i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil. I gcás nach mbeidh sonraí leordhóthanacha ann, déanfar caomhnú na stoc ábhartha a shaothrú go feadh méid inchomparáide.

# CAIBIDIL II
# SPRIOCANNA, POINTÍ TAGARTHA CAOMHNAITHE AGUS COIMIRCÍ

*Airteagal 4*
***Spriocanna***

1. Déanfar an spriocráta básmhaireachta iascaireachta a bhaint amach i gcomhréir leis na raonta $F_{MSY}$ a shainítear in Airteagal 2 a luaithe is féidir, agus de réir a chéile ar bhonn forásach faoin mbliain 2020 do na stoic éisc lena mbaineann, agus déanfar é a choinneáil ina dhiaidh sin laistigh de raonta $F_{MSY}$.

2. Déanfar raonta $F_{MSY}$ a iarraidh, go háirithe ar CETEI, bunaithe ar an bplean seo.

3. I gcomhréir le hAirteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nuair a shocraíonn an Chomhairle deiseanna iascaireachta, bunóidh sí na deiseanna sin i dtaca leis na bailiúcháin stoc lena mbaineann laistigh de raon $F_{MSY}$ atá ar fáil an tráth sin don stoc is leochailí.

4. De mhaolú ar mhír 1 agus mír 3, féadfar deiseanna iascaireachta a shocrú ag leibhéil is ísle ná raonta $F_{MSY}$.

5. De mhaolú ar mhír 3 agus mír 4, féadfar deiseanna iascaireachta a shocrú ag leibhéil os cionn raon $F_{MSY}$ atá ar fáil an tráth sin don stoc is leochailí, ar choinníoll go mbeidh na stoic uile lena mbaineann os cionn $B_{PA}$:

(a) más rud é, ar bhonn na comhairle nó na fianaise eolaíche, gur gá sin chun na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 in iascaigh ilspeiceas a bhaint amach;

(b) más rud é, ar bhonn na comhairle nó na fianaise eolaíche, gur gá sin chun díobháil thromchúiseach a dhéanfadh dinimic stoic laistigh den aon speiceas amháin nó idir speicis dhifriúla a sheachaint; nó

(c) chun éagsúlachtaí i ndeiseanna iascaireachta idir blianta as a chéile a theorannú go dtí uasmhéid de 20 %.

*Airteagal 5*
***Pointí tagartha caomhnaithe***

Chun críocha Airteagal 6, déanfar na pointí tagartha caomhnaithe seo a leanas a iarraidh, go háirithe ar CETEI, bunaithe ar an bplean seo:

(a) pointí tagartha réamhchúraim ($B_{PA}$), arna sloinneadh i dtéarmaí bithmhais stoic sceite; agus

(b) pointí tagartha teorann ($B_{LIM}$), arna sloinneadh i dtéarmaí bithmhais stoic sceite;

*Airteagal 6*
***Coimircí***

1. I gcás ina léireofar leis an gcomhairle eolaíoch go bhfuil bithmhais stoic sceite ceachtar de na stoic éisc lena mbaineann faoi bhun an phointe tagartha réamhchúraim ($B_{PA}$), glacfar bearta ceartaitheacha chun a áirithiú go ndéanfar leibhéil na stoc éisc lena mbaineann a athbhunú go tapa os cionn na leibhéal atá in ann MSY a tháirgeadh. Go háirithe, de mhaolú ar Airteagal 4(3) agus (5), socrófar deiseanna iascaireachta ag leibhéil a bheidh ag teacht le ráta básmhaireachta iascaireachta arna laghdú laistigh de raon $F_{MSY}$ don stoc is leochailí, ag cur san áireamh an laghdú i mbithmhais.

2. I gcás ina léireofar leis an gcomhairle eolaíoch go bhfuil bithmhais stoic sceite ceachtar de na stoic éisc lena mbaineann faoi bhun an phointe tagartha teorann ($B_{LIM}$), déanfar bearta ceartaitheacha breise chun a áirithiú go ndéanfar leibhéil an stoic éisc lena mbaineann a athbhunú go tapa os cionn na leibhéal atá in ann MSY a tháirgeadh. Go háirithe, de mhaolú ar Airteagal 4(3) agus (5), féadfar a áireamh ar na bearta ceartaitheacha sin, spriociascach an stoic éisc lena mbaineann a chur ar fionraí agus deiseanna iascaireachta a laghdú go leordhóthanach.

3. Féadfar a áireamh i mbearta ceartaitheacha dá dtagraítear san Airteagal seo:

   (a) bearta de bhun Airteagail 7, 8, 11, 12, 13 agus 14 den Rialachán seo; agus

   (b) bearta éigeandála i gcomhréir le hAirteagal 12 agus Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

4. Beidh rogha na mbeart dá dtagraítear san Airteagal seo iomchuí do chineál, tromchúis, fad agus atriall na staide i gcás inar lú an bhithmhais stoic sceite ná na leibhéil dá dtagraítear in Airteagal 5.

# CAIBIDIL III
# DEISEANNA IASCAIREACHTA

*Airteagal 7*
***An córas iarrachta iascaireachta***

1. Beidh feidhm ag córas iarrachta iascaireachta maidir le gach soitheach a dhéanann iascaireacht le tráil sna limistéir agus sna catagóirí maidir le fad na dtrál a shainítear in Iarscríbhinn I.

2. Gach bliain, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch, socróidh an Chomhairle uasiarracht iascaireachta incheadaithe do gach grúpa iarrachta de réir an Bhallstáit.

3. Don chéad bhliain de chur chun feidhme an phlean, laghdófar an uasiarracht iascaireachta incheadaithe go substainteach ón gcás bunlíne dá bhforáiltear i mír 4, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch.

4. Is mar seo a leanas a chuirfear ar bun an bhunlíne dá dtagraítear i mír 3:

(a) don chéad bhliain de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar an bhunlíne maidir le gach grúpa iarrachta a ríomh mar an mheániarracht arna léiriú i dtéarmaí líon na laethanta iascaireachta idir an 1 Eanáir 2015 agus an 31 Nollaig 2017 agus ní chuirfear san áireamh ach soithí a bhí gníomhach le linn na tréimhse sin;

(b) do na blianta ina dhiaidh sin de chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, beidh an bhunlíne cothrom gach bliain leis an uasiarracht iascaireachta incheadaithe don bhliain roimhe.

5. I gcás ina dtabharfaidh an chomhairle eolaíoch le fios go bhfuil méideanna móra de stoc ar leith á ngabháil le trealaimh iascaireachta nach tráil iad, socrófar na leibhéil iarrachta iascaireachta don trealamh nó do na trealaimh ar leith sin ar bhonn na comhairle eolaíche sin.

6. I gcás ina léireofar leis an gcomhairle eolaíoch go bhfuil tionchar suntasach ag iascaigh áineasa ar rátaí básmhaireachta iascaireachta stoic éisc ar leith, féadfaidh an Chomhairle iascaigh áineasa a theorannú agus deiseanna iascaireachta á socrú aici chun nach sárófar an spriocráta básmhaireachta iomlán iascaireachta.

*Airteagal 8*
***Na gabhálacha iomlána is incheadaithe***

I gcás ina léireofar leis an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil nach leor an córas iarrachta iascaireachta chun na cuspóirí nó na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 3 agus Airteagal 4 a bhaint amach, glacfaidh an Chomhairle bearta bainistíochta comhlántacha bunaithe ar ghabhálacha iomlána is incheadaithe.

*Airteagal 9*
***Oibleagáidí na mBallstát***

1. Déanfaidh na Ballstáit an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a bhainistiú i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 26 go hAirteagal 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Socróidh gach Ballstát modh chun an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a leithdháileadh ar shoithí aonair nó ar ghrúpa soithí a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu, i gcomhréir leis na critéir in Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Déanfaidh na Ballstáit, go háirithe, na nithe seo a leanas:

(a) úsáidfidh siad critéir thrédhearcacha oibiachtúla, lena n-áirítear critéir maidir leis an gcomhshaol chomh maith le critéir shóisialta agus critéir eacnamaíocha;

(b) déanfaidh siad cuótaí náisiúnta a dháileadh go cothrom ar chodanna éagsúla na gcabhlach agus aird speisialta á tabhairt acu ar iascaigh thraidisiúnta agus ar iascaigh ar mhionscála agus

(c) cuirfidh siad dreasachtaí ar fáil do shoithí an Aontais leas a bhaint as trealamh iascaireachta roghnaíoch nó as teicnící iascaireachta ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol.

3. I gcás ina gceadóidh Ballstát do shoithí a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu iascaireacht a dhéanamh le tráil, déanfaidh sé deimhin de go mbeidh iascaireacht den sórt sin teoranta do 12 uair an chloig in aghaidh an lae iascaireachta, cúig lá iascaireachta in aghaidh na seachtaine nó a chomhionann.

4. I gcás na limistéar dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, eiseoidh gach Ballstát údaruithe iascaireachta chuig na soithí a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu.

5. Le linn thréimhse chur i bhfeidhm an phlean, áiritheoidh na Ballstáit nach méadófar an acmhainn iomlán, arna sloinneadh in OT (olltonnáiste) agus kW (cileavatanna), a chomhfhreagraíonn do na húdaruithe iascaireachta a eisítear i gcomhréir le mír 4.

6. Bunóidh agus coimeádfaidh gach Ballstát liosta soithí a mbeidh na húdaruithe iascaireachta eisithe ina leith de bhun mhír 4 agus cuirfidh siad ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit eile é. Déanfaidh na Ballstáit a liosta a tharchur, den chéad uair, laistigh de thrí mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus, ina dhiaidh sin, tráth nach déanaí ná an 30 Samhain gach bliain.

7. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar a gcóras iarrachta iascaireachta agus áiritheoidh siad nach sáraíonn an uasiarracht iascaireachta incheadaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 na teorainneacha socraithe.

*Airteagal 10*

***Sonraí ábhartha a chur in iúl***

1. Déanfaidh na Ballstáit taifead ar na sonraí maidir le hiarracht iascaireachta agus tarchuirfidh siad chuig an gCoimisiún iad i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Airteagal 146c go hAirteagal 146e de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún[36].

2. Déanfar na sonraí maidir le hiarracht iascaireachta a chomhiomlánú uair in aghaidh na míosa agus beidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II mar chuid de na sonraí sin. Is é an Sainiú ar Scéimre XML bunaithe ar CEFACT P1000-12 na Náisiún Aontaithe an fhormáid ina mbeidh na sonraí comhiomlánaithe.

3. Tarchuirfidh na Ballstáit na sonraí maidir le hiarracht iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 chuig an gCoimisiún roimh an 15ú lá de gach mí.

[36] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú. (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

# CAIBIDIL IV
# BEARTA TEICNIÚLA CAOMHNAITHE

*Airteagal 11*
***Limistéir choiscthe***

1. Sa Mheánmhuir Thiar, sa bhreis ar an méid dá bhforáiltear in Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gCoimisiún, cuirfear cosc ar úsáid a bhaint as tráil laistigh den iseabat 100 méadar ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Iúil gach bliain.

2. Laistigh de dhá bhliain tar éis ghlacadh an Rialacháin seo agus ar bhonn na comhairle eolaíche, bunóidh na Ballstáit lena mbaineann limistéir choiscthe eile má tá fianaise ann gur ann do líon mór iasc óg agus láithreacha sceite stoc grinnill, go háirithe i dtaca leis na stoic éisc lena mbaineann.

3. I gcás ina ndéanfaidh na limistéir choiscthe dá dtagraítear i mír 2 difear do shoithí iascaireachta roinnt Ballstát, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus le hAirteagal 18 den Rialachán seo agus ar bhonn na comhairle eolaíche, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na limistéir choiscthe lena mbaineann a chur ar bun.

*Airteagal 12*
***Stoic foghabhála agus stoic ghrinnill***
***nach bhfuil sonraí leordhóthanacha ar fáil ina leith a bhainistiú***

1. Déanfar na stoic éisc dá dtagraítear in Airteagal 1(3) den Rialachán seo a bhainistiú ar bhonn chur chuige an réamhchúraim maidir le bainistiú iascach mar a shainítear é in Airteagal 4(1)(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

2. Maidir le bearta bainistíochta do na stoic éisc dá dtagraítear in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, go háirithe bearta sonracha caomhnaithe amhail iad siúd a liostaítear in Airteagal 13 de, bunófar iad agus an chomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ann á cur san áireamh.

*Airteagal 13*
***Bearta teicniúla eile caomhnaithe***

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na bearta teicniúla caomhnaithe seo a leanas a chur ar bun:

   (a) saintréithe an trealaimh iascaireachta a shonrú, go háirithe méid an mhogaill, méid an duáin, an líon duán, déanamh an trealaimh, an tiús sreinge, méid an trealaimh nó úsáid feistí breise chun roghnaíocht a fheabhsú;

   (b) úsáid an trealaimh iascaireachta a theorannú, go háirithe am tumtha agus an doimhneacht ag a n-úsáidtear é, chun roghnaíocht a fheabhsú;

   (c) toirmeasc nó srian a chur ar iascaireacht i limistéir ar leith nó le linn tréimhsí ama ar leith chun éisc sceite agus éisc óga, éisc faoin íosmhéid tagartha caomhnaithe nó speicis iasc nach spriocspeicis iad a chosaint;

(d) toirmeasc nó srian a chur ar iascaireacht i limistéir ar leith nó le linn tréimhsí ama ar leith chun eiceachórais agus speicis leochaileacha a chosaint;

(e) íosmhéideanna tagartha caomhnaithe a leagan síos d'aon cheann de na stoic a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo, chun cosaint na n-óg-orgánach muirí a áirithiú;

(f) maidir le hiascaigh áineasa; agus

(g) maidir le saintréithe eile atá nasctha le roghnaíocht.

2. Cuirfidh na bearta dá dtagraítear i mír 1 leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach.

3. In éagmais moladh comhpháirteach amhail dá dtagraítear in Airteagal 15(2) agus tar éis dhul in éag na spriocanna is infheidhme a leagtar amach san Airteagal sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na bearta a liostaítear i mír 1 a ghlacadh, i gcás ina léireofar leis an gcomhairle eolaíoch gur gá gníomhaíocht shonrach chun a áirithiú go ndéanfar aon cheann de na stoic éisc a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 3.

## CAIBIDIL V
## **OIBLEAGÁID GABHÁLACHA A THABHAIRT I dTÍR**

### *Airteagal 14*
### ***Forálacha atá nasctha leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír***

Maidir le gach stoc éisc de speicis sa Mheánmhuir Thiar a bhfuil an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír infheidhme ina leith faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí bhearta mionsonraithe a ghlacadh chun críche na hoibleagáide sin dá bhforáiltear i bpointí (a) go (e) d'Airteagal 15(5) nó Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

## CAIBIDIL VI
## **RÉIGIÚNÚ**

### *Airteagal 15*
### ***An comhar réigiúnach***

1. Beidh feidhm ag Airteagal 18(1) go (6) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na bearta dá dtagraítear in Airteagail 11, 12, 13 agus 14 den Rialachán seo.

2. Chun críche mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu moltaí comhpháirteacha a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013:

(a) den chéad uair tráth nach déanaí ná dhá mhí dhéag tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm agus ina dhiaidh sin, dhá mhí dhéag tar éis gach meastóireacht ar an bplean a chuirfear isteach i gcomhréir le hAirteagal 17(2);

(b) faoi 31 Bealtaine den bhliain roimh an mbliain a bheidh na bearta le cur i bhfeidhm; agus/nó

(c) in am ar bith a mheasfaidh siad gur gá déanamh amhlaidh, go háirithe i gcás athrú tobann ar staid ceachtar de na stoic a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo.

3. Beidh an cumhachtú a dheonaítear faoi Airteagail 11, 12, 13 agus 14 den Rialachán seo gan dochar do chumhachtaí a thugtar don Choimisiún faoi fhorálacha eile de dhlí an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

# CAIBIDIL VII
# **LEASUITHE AGUS OBAIR LEANTACH**

*Airteagal 16*
***Leasuithe ar an bplean***

1. I gcás ina dtabharfaidh an chomhairle eolaíoch le fios go bhfuil athrú ar dháileadh geografach na stoc éisc a liostaítear in Airteagal 1(2), tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun an Rialachán seo a leasú trí na limistéir a shonraítear in Airteagal 1(2) agus Iarscríbhinn I a choigeartú chun an t-athrú sin a léiriú.

2. I gcás ina léireofar leis an gcomhairle eolaíoch gur gá an liosta stoc éisc a leagtar amach in Airteagal 1(2) a leasú, féadfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh chun an liosta sin a leasú.

*Airteagal 17*
***Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an bplean***

1. Chun críocha na tuarascála bliantúla dá bhforáiltear in Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, áireofar ar na táscairí inchainníochtaithe meastacháin bhliantúla $F/F_{MSY}$ agus bithmhais stoic sceite maidir leis na stoic éisc lena mbaineann agus, i gcás inar féidir, maidir le stoic foghabhála. Ar bhonn na comhairle eolaíche, féadfar na táscairí sin a chomhlánú le táscairí eile.

2. Faoi chúig bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le torthaí an phlean agus maidir le tionchar an phlean ar na stoic a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo ina leith agus maidir leis na hiascaigh a shaothraíonn na stoic sin, go háirithe maidir le baint amach na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3.

# CAIBIDIL VIII
# FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

*Airteagal 18*
***An tarmligean a fheidhmiú***

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 11, 12, 13, 14 agus 16 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse sin, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí cúig bliana mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Maidir leis an tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 11, 12, 13, 14 agus 16, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean sin a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí arna shonrú sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacann sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra maidir leis an ngníomh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 11, 12, 13, 14 agus 16 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

# CAIBIDIL IX
# CISTE EORPACH MUIRÍ AGUS IASCAIGH

*Airteagal 19*
***Tacaíocht ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh***

Measfar bearta scoir shealadaigh a ghlactar chun cuspóirí an phlean a shroicheadh mar scor sealadach gníomhaíochtaí iascaireachta chun críocha phointe (a) agus phointe (c) d'Airteagal 33(1) de Rialachán (AE) Uimh. 508/2014.

# CAIBIDIL X
# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 20*
***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |